# CINNEADH (CBES) 2020/1748 ÓN gCOMHAIRLE

## an 20 Samhain 2020

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]).

(2) An 30 Iúil 2020 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1127 ([2]) lenar cuireadh seisear daoine nádúrtha agus trí eintiteas nó comhlacht ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797.

(3) Tá faisnéis nuashonraithe faighte maidir le dhá liostú i dtaca le daoine nádúrtha.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129I, 17.5.2019, lch. 13).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1127 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 246, 30.7.2020, lch. 12).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2 faoin bhfo-cheannteideal “A. Daoine nádúrtha”:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “1. | GAO Qiang | Dáta breithe: 4 Deireadh Fómhair 1983<br>Áit bhreithe: Shandong Province, China<br>Seoladh: Room 1102, Guanfu Mansion, 46 Xinkai Road, Hedong District, Tianjin, China<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Tá Gao Qiang páirteach in ‘Operation Cloud Hopper’, sraith cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus a tháinig ó fhoinse lasmuigh den Aontas, agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit agus cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu i gcoinne tríú Stáit.<br>Dhírigh ‘Operation Cloud Hopper’ ar chórais faisnéise cuideachtaí ilnáisiúnta i sé mhór-roinn, lena n-áirítear cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas, agus d’éirigh leis rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus caillteanas suntasach eacnamaíoch ann dá dheasca.<br>Is é an gníomhaí ‘APT10’ (‘Ardbhagairt Sheasmhach 10’) (a.k.a. ‘Red Apollo’, ‘CVNX’, ‘Stone Panda’, ‘MenuPass’ agus ‘Potassium’), mar a thugtar air go poiblí, a chuir ‘Operation Cloud Hopper’ i gcrích.<br>Tá fianaise ann go bhfuil nasc idir Gao Qiang agus APT10, lena n-áirítear tríd an mbaint atá aige le bonneagar ceannasaíochta agus rialaithe APT10. Thairis sin, bhí Gao Qiang fostaithe ag Huaying Haitai, eintiteas atá ainmnithe mar gheall ar thacaíocht a thabhairt do ‘Operation Cloud Hopper’ agus é a éascú. Tá naisc idir é agus Zhang Shilong, fear atá ainmnithe agus luaite le ‘Operation Cloud Hopper’. Tá Gao Qiang bainteach, dá bhrí sin, le Huaying Haitai agus Zhang Shilong araon. | 30.7.2020 |
| 2. | ZHANG Shilong | Dáta breithe: 10 Meán Fómhair 1981<br>Áit bhreithe: China<br>Seoladh: Hedong, Yuyang Road No 121, Tianjin, China<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Tá Zhang Shilong páirteach in ‘Operation Cloud Hopper’, sraith cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus a tháinig ó fhoinse lasmuigh den Aontas, agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit agus cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu i gcoinne tríú Stáit.<br>Dhírigh ‘Operation Cloud Hopper’ ar chórais faisnéise cuideachtaí ilnáisiúnta i sé mhór-roinn, lena n-áirítear cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas, agus d’éirigh leis rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus caillteanas suntasach eacnamaíoch ann dá dheasca.<br>Is é an gníomhaí ‘APT10’ (‘Ardbhagairt Sheasmhach 10’) (a.k.a. ‘Red Apollo’, ‘CVNX’, ‘Stone Panda’, ‘MenuPass’ agus ‘Potassium’), mar a thugtar air go poiblí, a chuir ‘Operation Cloud Hopper’ i gcrích.<br>Tá fianaise ann go bhfuil nasc idir Zhang Shilong agus APT10, lena n-áirítear trí na bogearraí mailíseacha a d’fhorbair sé agus a thástáil sé i ndáil leis na cibirionsaithe a rinne APT10. Thairis sin, bhí Zhang Shilong fostaithe ag Huaying Haitai, eintiteas atá ainmnithe mar gheall ar thacaíocht a thabhairt do ‘Operation Cloud Hopper’ agus é a éascú. Tá naisc idir é agus Gao Qiang, fear atá ainmnithe i dtaca le ‘Operation Cloud Hopper’. Tá Zhang Shilong bainteach, dá bhrí sin, le Huaying Haitai agus Gao Qiang araon. | 30.7.2020”. |